

BÁD A BRISEADH AR OILEÁN MHIC DARA

Bhí Máirtín Shíomáin Ó Maoilchiaráin agus Maitias Mac Craith ag tigeacht abhaile as a' gCorainn léis lucht feamainne a dhíol ann. Tháinig ceo agus smúit ar a' bhfarraige agus tháinig an deireannas, agus ó ghlanadar Ceann a' Ghúlaim anoir ní fhadadar aon chosamhlacht le talamh le go mbainfidís aon mheabhair as. Choinnigheadar ag seoladh le gaotha andeas-iniarndeas. Níor airigheadar tada go bhfacadar an bruith ag briseadh tuairim cheithre slata ó cheann a' bháid. Shíl Máirtín an bád a chasadh agus de bharr é a bheith a' rith ón ngaoith ar mhullach a chinn thóg sé níos fuide air ná cheap sé. Sul a dtáinig an bád timcheall, bhí an charraig buailte aice. Cuireadh poll innte agus líon sí isteach le uisce. "Téighimuid sa gcrann" arsa Máirtín. Ghabh fear aca suas an crann chomh fada agus d'féad sé agus chuaigh an fear eile ina dhiaidh go raibh sé buailte air. Tháinig an mhaidhm agus caitheadh den tanaidhe í isteach ins an domhain. D'éirigh an taoille chomh fada suas le básta an fhir ab fhuide suas. Bhí an t-oibriú a' méadú agus bhí an bád dhá caitheamh isteach gur caitheadh isteach ar a' gcladach iad agus ní rabh blas trioblóide orthab siubhal amach ar an talamh taréis nach rabh fhios acab cá rabhadar. Shiubhladar aníos agus chonaiceadar cosmhalacht tighe uathab. Nuair a theannadar leis chonaiceadar gurbh é Teampull Mhic Dara a bhí ann. D'aithnigheadar an teampull. D'fhanadar annsin cois binn an teampuill go maidin. Chuadar síos ag breathnú ar an mbád. Bhí an taoille gaibhte amach agus an bád gar do bheith tirim. Ní raibh aon bhlas millte fúithe ach tuairim leathtroigh de chlár a bhí briste ag gob muláin. Bhrúigh fear a bháinín sa bpoll agus bhain sé sgraith sa leic agus leag sé cloch uirthé ag coinneál meadhchain uirthé, agus nuair a tháinig a' taoille bhí an ceo glanta agus é ina lá breagh. Sheoladar suas go hInis Ní abhaile.

Is isteach idir Oileán Muirghileach agus Oileán Mhic Dara a tháinigheadar sa gceo. Tá asgall isteach idir dhá oileán a bhfuil fasgadh ann chuile ghaoith ach ar ghaotha anoir ndeas. Gaotha aniar ndeas a a bhí ann an oidhche sin. Bhí an mhaidin ann chomh hard le crann soithigh agus sí a chaith an bád isteach. Dá mbadh í an ghaotha anoir ndeas a bhí ann bhí an bád ina cláracha mar bhí an ghaoth rithte os a cionn.

Tháinig an bheirt bhádóir slán an oidhche sin. Báthadh fear aca, Máirtín Shíomáin, é féin agus triúr eile i bhfad ina dhiaidh sin gar do Mhaidhm an Urláir aniar ó Oileán na Cruach lá a raibh siad a gul go Cloch na Rón ag íoc cíós.

Joe Ann Breathnach

Paitín Sheáin Fhéilm Mac Dhonnchadha

Stiophán Thomáis Shéamuis Ó Maoilchiaráin

An triúr a báthadh in éinfheacht le Máirtín Shíomáin.